Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2025–2026

# Eolaíocht Teastais Dhúbailte: Fisic

Aonad P1

Bonnsraith

**[GDW31]**

*GDW31*

## DÉ CÉADAOIN 12 SAMHAIN 2025, MAIDIN

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh ceisteanna le dúch dubh agus bain úsáid as peann luaidhe HB dorcha do líníochtaí agus do ghraif.
**Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá cead agat áireamhán eolaíoch a úsáid.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **7**.

14902.02

1 Baineann an cheist seo le fuinneamh.

(a) **Cuir ticeanna (✓) sa tábla thíos** le **trí** chineál fuinnimh a shainaithint.


| **Cineálacha fuinnimh** | **Tic (✓)** |
|---|---|
| luas | |
| maighnéadach | |
| fuaim | |
| brú | |
| cumhacht | |
| straidhn | |

[3]

**(b)** Is féidir fuinneamh a athrú ó fhoirm amháin go foirm eile.

Comhlánaigh na boscaí thíos leis an **phríomhathrú** fuinnimh atá ag tarlú i ngach cás a léiriú.

Liathróid atá **ag ardú** go ceartingearach



| | | |
|---|---|---|
| fuinneamh ____________ | → | fuinneamh *poitéinsiúil imtharraingteach* |

Bolgán solais



| | | |
|---|---|---|
| fuinneamh ____________ | → | fuinneamh *solais* |

Adhmad ag dó



| | | |
|---|---|---|
| fuinneamh ____________ | → | fuinneamh ____________ |

[4]

**[Tiontaigh an leathanach**

**2** Is féidir le hacmhainní fuinnimh a bheith in-athnuaite nó neamh-inathnuaite.

**(i)** Luaigh cad é a chiallaíonn acmhainn fuinnimh **neamh-inathnuaite**.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ciorclaigh na trí chineál fuinnimh **neamh-inathnuaite** a luaitear sa bhosca thíos.

| | | |
|---|---|---|
| hidrileictreachas | ola | núicléach |
| gual | taoide | gaoth |

[3]


**(iii)** Is féidir le roinnt acmhainní fuinnimh dochar a dhéanamh don timpeallacht.

**Cuir aon tic amháin (✓) i ngach ró** lena thaispeáint an féidir leis an acmhainn fuinnimh a bheith ina cúis le báisteach aigéadach, gnáthóga á mbá ag tuilte, nó dramhaíl radaighníomhach.

| **Acmhainn fuinnimh** | **Báisteach aigéadach** | **Gnáthóga á mbá ag tuilte** | **Dramhaíl radaighníomhach** |
|---|---|---|---|
| Gual | | | |
| Núicléach | | | |
| Hidrileictreachas | | | |

[3]

**3** Baineann an cheist seo le héifeachtúlacht luchtaire gutháin póca.



Táirgeann luchtaire gutháin póca 8400 J d'fhuinneamh úsáideach.

Is é 14 000 J an fuinneamh ionchuir iomlán leictreachais.

**(i)** Ríomh éifeachtúlacht an luchtaire.

**Taispeáin do chuid oibre.**

Éifeachtúlacht = ____________________ [3]

**(ii)** Cá mhéad fuinnimh a **chuireann** an luchtaire **amú**?


Fuinneamh curtha amú = ____________________ J

Cad é an fhoirm ina gcuirtear an fuinneamh sin amú?

______________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**4** **(a)** Ba mhaith le dalta dlús ciúib miotail a fháil amach.




Tá gach taobh den chiúb 2 cm ar fad.

Tá mais 56 g sa chiúb.

Ríomh dlús an chiúib trí thoirt an chiúib a fháil amach ar dtús.

Cuir an t-aonad isteach i do fhreagra.


Ná hathraigh aonad ar bith.

**Taispeáin do chuid oibre.**

Dlús = ______________________ [5]

**(b)** Tarraingítear graf den mhais in aghaidh toirte faoi choinne trí ábhar.

Tá dhá sholad ann, A agus B, agus leacht.




**Cuir aon tic amháin (✓) i ngach ró** sa tábla thíos lena thaispeáint cé acu ábhar is fearr a thagann le gach cur síos.

| | **Solad A** | **Solad B** | **Leacht** |
|---|---|---|---|
| An fad slí **is mó** idir cáithníní | | | |
| An dlús **is mó** | | | |

[2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**5** Dreapann laghairt balla.



**(i)** Tá mais 0.05 kg sa laghairt.

Ar airde áirithe ar an bhalla, tá 2 J d'fhuinneamh poitéinsiúil imtharraingteach ag an laghairt.

Ríomh airde na laghairte os cionn an talaimh.

**Taispeáin do chuid oibre.**

Airde = ____________________ m [3]

**(ii)** Cá mhéad fuinnimh phoitéinsiúil imtharraingtigh atá ag an laghairt agus í ar an **talamh**?


Fuinneamh poitéinsiúil imtharraingteach = ____________________ J [1]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**6** Cuirtear dhá bhosca, **A** agus **B**, agus fáinne **C**, ar dhromchla cothrom mar atá taispeánta thíos.




**(a)** Cé acu réad an ceann **is cobhsaí**?


Réad ____________________

Luaigh dhá fháth le do fhreagra.

1. ________________________________________________________________

2. ________________________________________________________________ [3]

**(b)** Déantar réad eile a chlaonadh mar atá taispeánta thíos.




Ríomh an mhóimint cruthaithe ag an fhórsa 2 N.

Cuir an t-aonad isteach i do fhreagra.

Ná hathraigh aonad ar bith.

**Taispeáin do chuid oibre.**

Móimint = ____________________ [5]

**[Tiontaigh an leathanach**

**7** Iarrtar ort cur síos a scríobh ar an dóigh a dtiocfadh le dalta a chumhacht phearsanta a fháil amach agus é ag dreapadh staighre.

**Tá a mheáchan ar eolas ag an dalta cheana féin.**

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- an **dá** ghléas tomhais atá de dhíth;
- an **dá** thomhas a ghlactar;
- na foirmlí atá de dhíth leis an obair a rinneadh agus an chumhacht a fháil amach.

**Sa cheist seo, measúnófar thú ar chaighdeán na scileanna cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

Gléasanna tomhais

_______________________________________________

_______________________________________________

Tomhais

_______________________________________________

_______________________________________________

Foirmle, **ina focail**, leis an obair a rinneadh a fháil amach

_______________________________________________

_______________________________________________

Foirmle, **ina focail**, leis an chumhacht a fháil amach

_______________________________________________

_______________________________________________ [6]

**8** Baineann an cheist seo le hadaimh agus iseatóip.

**(a)** Sainmhínigh iseatóp i dtéarmaí **cáithníní**.

______________________________________________________________

______________________________________________________ [2]

**(b)** Is féidir an nodaireacht seo a leanas a úsáid le cur síos a dhéanamh ar núicléas adaimh.

$$^{A}_{Z}\mathrm{X}$$

Cad é dó a seasann an litir A sa nodaireacht thuas?

______________________

Cad é dó a seasann an litir Z sa nodaireacht thuas?

______________________

Cé acu litir, A nó Z, a mbeadh an luach céanna aici do dhá iseatóp den dúil chéanna?

____________ [3]

**(c)** Luaigh **ainmneacha** an dá iseatóp de hidrigin arbh fhéidir iad a úsáid le cumhacht a tháirgeadh in imoibreoir comhleá núicléach.

1. ______________________

2. ______________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**9** **(a)** Tabhair sainmhíniú ar an téarma leathré.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Tá gníomhaíocht 1800 Bq ag foinse radaighníomhach.

Bhí gníomhaíocht na foinse 225 Bq nuair a tomhaiseadh arís í sé uair an chloig níos moille.

Ríomh leathré na foinse.

**Taispeáin do chuid oibre.**

Leathré = ______________ uair an chloig [3]

**(c)** Luaigh an cineál foinse radaighníomhaí (**alfa, béite nó gáma**) do na húsáidí thíos. Luaigh an fad leathré (**gearr nó fada**) is fearr a fhóireann do gach úsáid.

Úsáid: aláraim deataigh

Cineál: ______________

Fad leathré: ______________

Úsáid: cúrsa píobán uisce atá go domhain faoin talamh a aimsiú

Cineál: ______________

Fad leathré: ______________ [4]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

*Foinsí:*
*C1(b). . . © Getty Images × 2/Príomhscrúdaitheoir*
*C3. . . . . © Getty Images*
*C4(a). . . Príomhscrúdaitheoir*
*C5. . . . . © Getty Images*
*C6. . . . . Príomhscrúdaitheoir*
*C6(b). . . Príomhscrúdaitheoir*

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.